Oireachtas Gaeilge Cheanada

Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana ● Irish Language Learner of the Year Award

Bronntar Duais Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana go bliantúil ar an iarrthóir is mó a thuilleann an gradam i dtuairim Choiste Roghnaithe Oireachtas Gaeilge Cheanada. Coinníonn Foghlaimeoir na Bliana an post don bhliain dár gcionn agus glacann le dualgais mar ambasadóir don teanga go hoifigiúil agus go hoinigh ag ócáidí éagsúla, ina measc: oscailtí, lainsí, léachtanna, tumócáidí, féiltí, preasagallaimh, agus ag fáiltithe d'aíonna ar leith. Tugtar buantrófaí d'Fhoghlaimeoir na Bliana (arna bhronnadh ag Glór na nGael), bonn óir ó Oireachtas na Gaeilge Cheanada, agus scoláireacht do chúrsa ar feadh míosa i nGaeltacht Chonamara (Luach measta de $ Can.3,500, táillí an chúrsa agus lóistín san áireamh, arna bhronnadh ag Ireland Canada University Foundation/ Fondúireacht Ollscoile, Éire Ceanada).

Is aitheantas é an duais gur féidir an Ghaeilge a fhoghlaim i gCeanada agus seirbhís thábhachtach don teanga a chur ar fáil sa mbaile agus go hidirnáisiúnta. Aithníonn sé sár-éacht Foghlaimeoirí na Teanga maidir leis seo, agus tugann sí creidiúint don tionchar dearfach a imríonn siad ar a gcomhfhoghlaimeoiri, ar a bpobail áitiúla féin, agus ar chomhluadar níos forleathana na Gaeilge.

Sprioc-am Ainmnithe / d'Iarratais: 1 Meitheamh gach bliain

Iarratas

Glacfar le duine mar iarrthóir do Dhuais Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana trí **iarratas NÓ trí ainmniúchán**. Cuirtear ainmniúcháin agus iarratais chuig:

Foghlaimeoir na Bliana
c/o Aralt Mac Giolla Chainnigh
Physics, Royal Military College of Canada
Box 17,000 Station Forces
Kingston, Ontario
K7K 7B4
or
e-mail: kenny-h@rmc.ca

Ainmniúchán

D'fhonn iarrthóir a ainmniú do Dhuais Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana, ní mór don ainmnitheoir eolas teagmhála an ainmnithigh a sholáthar (féach foirm iarratais/ainmniúcháin thíos), agus cuntas gairid ar a ngaiscí. Ní mór, chomh maith, ainm agus eolas teagmhála duine eile a dhearbhóidh gaiscí an ainmnithigh mar Fhoghlaimeoir Gaeilge a chur ar fáil. Iarrfar ar ainmnithigh dearbhú i scríbhinn a chur ar fáil, mar chuid riachtanach den ainmniúchán, go bhfuil siad sásta a bheith faoi mheas mar iarrthóir. Mar chúnamh don choiste roghnaithe, iarrfar ar ainmnithigh aiste ghairid i nGaeilge faoina dtaithí mar fhoghlaimeoir Gaeilge a chur ar fáil. (Féach ábhair mholta thíos).

Iarratas

D'fhonn iarratas a dhéanamh a bheith mar iarrthóir don Duais Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana, ní mór don duine ráiteas i scríbhinn a chur ar fáil gur mian leo a bheith faoi mheas don duais. Ní mór eolas teagmhála pearsanta a chur ar fail (féach foirm iarratais/ainmniúcháin thíos), chomh maith le hainmneacha agus eolas teagmhála do bheirt gur féidir leo dearbhú a thabhairt faoina dtaithí mar fhoghlaimeoirí Gaeilge. D'fhonn cúnamh a thabhairt don choiste roghnaithe, is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí aiste ghairid faoina dtaithí mar fhoghlaimeoirí Gaeilge a chur ar fáil (Féach ábhair mholta thíos).

Intofacht

Ní mór d'iarrthóirí don Duais Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana:

- a bheith ina saoránaigh Cheanadacha, ina mbuanchónaitheoirí Ceanadacha, nó a bheith ina gcónaí i gCeanada ar feadh bliana ar a laghad[1];
- a bheith 18 mbliana d'aois nó níos sin;
- a bheith gníomhach maidir le foghlaim na Gaeilge i gCeanada;
- gan tar éis a bheith san oifig mar Fhoghlaimeoir Gaeilge na Bliana roimhe seo.

Duaisghlacadh

De ghnáth, fógrófar buaiteoir Dhuais Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana 2 sheachtain roimh Oireachtas Gaeilge Cheanada. Bítear ag súil go mbeidh an faighteoir in ann a bheith i láthair ag an Oireachtas chun an duais a ghlacadh go hoifigiúil. Munar féidir, lorgófar ócáid eile Gaeilge ar a mbronnfar an duais. Reáchtálfar an Cúrsa Gaeltachta, atá mar chuid den duais, ó lár Iúil go dtí lár Lúnasa. Socraítear go bhfreastalóidh an buaiteoir ar an gcúrsa seo an bhliain dár gcionn de ghnáth, d'fhonn am a chur ar fáil chun socraithe maidir le bheith as baile a dhéanamh. Muna mbíonn Foghlaimeoir na Bliana in ann freastal de réir an ghnáthsceidil, cuirfear a n-ainm ar liosta tosaíochta le go dtabharfar tairiscint dóibh an scoláireacht a ghlacadh níos déanaí.

Straoisleabhar agus Twitter

Cuireann na meáin shóisialta deiseanna maithe ar fáil chun an Ghaeilge a chur chun cinn. Spreagfar Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana, agus tabharfar cúnamh dó, feidhm a bhaint as Straoisleabhar (Facebook) agus Twitter agus iad i mbun oifige.

Rogha

Bíonn Duais Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana á reáchtáil ag Fochoiste Duaiseanna agus Breithiúnais Oireachtas na Gaeilge Cheanada (www.oireachtas.ca), gur comhpháirt de Chumann na Gaeltachta é féin (www.anghaeltacht.ca). Is féidir go gceapfaidh an Fochoiste Duaiseanna agus Breithiúnais do Dhuais Foghlaimeoir Gaeilge na Bliana daoine breise ar an gcoiste roghnúcháin.

Ábhair Aistí Molta

[1] Is riachtanas é an coinníoll seo mar gheall ar urraíocht scoláireacht na Gaeltachta ag Fondúireacht Ollscoil Éireann Cheanada.

Is féidir go n-iarrfar ar iarrthóirí aistí i nGaeilge a chur ar fáil mar chuid den phróiséas roghnaithe. Ó tharla gur féidir le foghlaimeoirí de gach leibhéal iarratas a dhéanamh, ní ar mháistreacht ar an teanga a dhéanfar an breithiúnas. Ina ionad sin, déanfar breithiúnas ar fhonn na n-iarrthóirí an teanga scríofa a úsáid, agus ar an eolas a chuirtear ar fáil san aiste.

Is féidir go mbeadh na hábhair seo a leanas i measc na n-ábhar a roghnóidh iarrthóirí chun a dtaithí maidir leis an nGaeilge a léiriú.

• *Eolas Ginearálta (mar shampla, teaghlach agus caithimh aimsire)*	• General Information (for example, family and hobbies)
• *Cúiseanna fhoghlaim na Gaeilge (scoileanna, cúrsaí nó múinteoireacht san áireamh)*	• Reasons for learning Irish (include school, courses or teaching received)
• *Tréimhse staidéir*	• Duration of study
• *Eispéiris staidéir na Gaeilge*	• Experiences in studying Irish
• *Bealaigh úsáid na teanga go dtí seo*	• Ways in which the language has been used
• *Barrmhianta agus aidhmeanna úsáid na teanga sa todhchaí*	• Hopes and aims for the use of Irish in the future

Foirm Iarratais/Ainmniúcháin (Application/Nomination Form)

Ainm/Name:	
Seoladh/Address:	
Ríomhphost/Email:	
Uimhir Ghutháin/ Phone Number:	
Ainmnithe ag /Nominated By:	
Ríomhphost/Email:	